C/2024/5443

5.9.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2024

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

(C/2024/5443)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 [1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023 [2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

2. Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Carlos ARRANZ CORDERO as oifig.

3. Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Spáinne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Aitana GARÍ PÉREZ ina comhalta ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Carlos ARRANZ CORDERO, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
[2] IO C 116, 31.3.2023, lch. 19.